RIALACHÁN CUR CHUN FEIDHME (AE) 2025/900 ÓN gCOIMISIÚN

an 12 Bealtaine 2025

lena leasaítear Iarscríbhinní V agus XIV a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/404 a mhéid a bhaineann leis na hiontrálacha a bhaineann le Ceanada, leis an Ríocht Aontaithe agus leis na Stáit Aontaithe ar na liostaí de thríú tíortha, de chríocha nó de chriosanna de thríú tír nó de chríoch atá údaraithe maidir le coinsíneachtaí d'éanlaith chlóis agus de tháirgí geirmeacha ó éanlaith chlóis, agus d'fheoil úr ó éanlaith chlóis agus ó éin ghéim a theacht isteach san Aontas

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (AE) 2016/429 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 9 Márta 2016 maidir le galair in-tarchurtha ainmhithe agus lena leasaítear agus lena n-aisghairtear gníomhartha áirithe i réimse na sláinte ainmhithe ('Dlí maidir le Sláinte Ainmhithe') ([1]), agus go háirithe Airteagal 230(1) agus Airteagal 232(1) agus (3) de.

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Foráiltear le Rialachán (AE) 2016/429 nach mór do choinsíneachtaí d'ainmhithe, de tháirgí geirmeacha agus de tháirgí de bhunadh ainmhíoch a theacht ó thríú tír nó ó chríoch, nó ó chrios nó ó dheighleog de thríú tír nó de chríoch, a liostaítear i gcomhréir le hAirteagal 230(1) den Rialachán sin chun teacht isteach san Aontas.

(2) Le Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/692 ón gCoimisiún ([2]) leagtar síos na ceanglais sláinte ainmhithe nach mór do choinsíneachtaí de speicis agus catagóirí áirithe d'ainmhithe, de tháirgí geirmeacha agus de tháirgí de bhunadh ainmhíoch a chomhlíonadh chun teacht isteach san Aontas ó thríú tíortha nó ó chríocha nó ó chriosanna de thríú tír nó de chríoch, nó ó dheighleoga de thríú tír nó de chríoch i gcás ainmhithe uisceacha.

(3) Le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/404 ón gCoimisiún ([3]) leagtar síos na liostaí de thríú tíortha, nó de chríocha nó criosanna de thríú tír nó de chríoch, óna gceadaítear na speicis agus na catagóirí ainmhithe, táirgí geirmeacha agus táirgí de bhunadh ainmhíoch a thagann faoi raon feidhme Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/692 a theacht isteach san Aontas. Déantar na liostaí sin agus rialacha ginearálta áirithe maidir leis na liostaí sin a leagan amach in Iarscríbhinní I go XXII a ghabhann leis an Rialachán Cur Chun Feidhme sin.

(4) Go háirithe, le hIarscríbhinní V agus XIV a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/404 leagtar amach na liostaí de thríú tíortha, nó de chríocha, nó de chriosanna de thríú tír nó de chríoch atá údaraithe maidir le coinsíneachtaí d'éanlaith chlóis agus de tháirgí geirmeacha ó éanlaith chlóis, agus d'fheoil úr ó éanlaith chlóis agus ó éin ghéim a theacht isteach san Aontas.

(5) Tá fógra tugtha ag Ceanada don Choimisiún faoi thrí ráig nua den fhliú éanúil ardphataigineach in éanlaith chlóis i gcúigí Manitoba agus Saskatchewan, ráigeanna a deimhníodh idir an 25 Aibreán 2025 agus an 2 Bealtaine 2025 le hanailís saotharlainne (RT-PCR).

(6) Tá fógra tugtha ag na Stáit Aontaithe don Choimisiún faoi cheithre ráig nua den fhliú éanúil ardphataigineach in éanlaith chlóis i stáit Nua-Eabhrac (2), North Dakota (1) agus South Dakota (1), ráigeanna a deimhníodh idir an 18 Aibreán 2025 agus an 30 Aibreán 2025 le hanailís saotharlainne (RT-PCR).

([1]) IO L 84, 31.3.2016, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2016/429/oj.

([2]) Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/692 ón gCoimisiún an 30 Eanáir 2020 lena bhforlíontar Rialachán (AE) 2016/429 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a mhéid a bhaineann le rialacha i dtaobh teacht isteach san Aontas, agus gluaiseacht agus láimhseáil coinsíneachtaí ainmhithe áirithe, táirgí geirmeacha áirithe agus táirgí áirithe de bhunadh ainmhíoch tar éis iad a thabhairt isteach (IO L 174, 3.6.2020, lch. 379, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2020/692/oj).

([3]) Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/404 ón gCoimisiún an 24 Márta 2021 lena leagtar síos na liostaí de thríú tíortha, de thríú críocha nó de chriosanna díobh óna gceadaítear ainmhithe, táirgí geirmeacha agus táirgí de bhunadh ainmhíoch teacht isteach san Aontas i gcomhréir le Rialachán (AE) 2016/429 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle (IO L 114, 31.3.2021, lch. 1, http://data.europa.eu/eli/reg_impl/2021/404/oj).

(7) Tar éis na ráigeanna sin den fhliú éanúil ardphataigineach a tharla le déanaí, bhunaigh údaráis tréidliachta Cheanada agus na Stát Aontaithe criosanna srianta de 10 km ar a laghad timpeall ar na bunaíochtaí a bhí buailte agus chuir siad beartas díothaithe chun feidhme chun láithreacht an fhliú éanúil ardphataiginigh a rialú agus chun teorainn a chur le leathadh an ghalair sin.

(8) Tá faisnéis curtha faoi bhráid an Choimisiúin ag Ceanada agus ag na Stáit Aontaithe maidir leis an staid eipidéimeolaíoch ar a gcríocha féin agus maidir leis na bearta atá déanta acu chun leathadh breise an fhliú éanúil ardphataiginigh a chosc tar éis na ráigeanna sin den an fhliú éanúil ardphataigineach a tharla le déanaí.

(9) Tá meastóireacht déanta ag an gCoimisiún ar an bhfaisnéis sin. I bhfianaise na staide sláinte ainmhithe sna limistéir atá faoi shrianta arna mbunú ag údaráis tréidliachta Cheanada, ba cheart teacht isteach coinsíneachtaí d'éanlaith chlóis agus de tháirgí geirmeacha ó éanlaith chlóis, agus d'fheoil úr ó éanlaith chlóis agus ó éin ghéim ó na limistéir sin lena mbaineann na ráigeanna a tharla le déanaí a chur ar fionraí san Aontas, chun stádas sláinte ainmhithe an Aontais a chosaint. Dá bhrí sin, ba cheart na hiontrálacha a bhaineann le Ceanada agus leis na Stáit Aontaithe sna táblaí a leagtar amach i Roinn B, Cuid 1 agus i gCuid 2 d'Iarscríbhinn V, agus sa tábla a leagtar amach i Roinn B, Cuid 1 d'Iarscríbhinn XIV a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/404 a leasú dá réir.

(10) Ina theannta sin, tá faisnéis nuashonraithe soláthraithe ag Ceanada agus ag an Ríocht Aontaithe don Choimisiúin maidir leis an staid eipidéimeolaíoch ar a chríoch a mhéid a bhaineann leis an staid eipidéimeolaíoch ina gcríocha féin maidir leis an bhfliú éanúil ardphataigineach ba chúis le teacht isteach coinsíneachtaí d'éanlaith chlóis agus de tháirgí geirmeacha ó éanlaith chlóis, agus feola úire ó éanlaith chlóis agus ó éin ghéim san Aontas a chur ar fionraí, mar a leagtar amach in Iarscríbhinní V agus XIV a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/404.

(11) An 24 Aibreán 2025, chuir Ceanada isteach faisnéis cothrom le dáta maidir leis an staid eipidéimeolaíoch i ndáil le ráig den fhliú éanúil ardphataigineach in éanlaith chlóis i gcúige Nova Scotia, ráig a deimhníodh an 4 Márta 2025 le hanailís saotharlainne (ISP cúl-trascriptáise).

(12) An 25 Aibreán 2025, an 6 Bealtaine 2025 agus an 8 Bealtaine 2025, chuir an Ríocht Aontaithe faisnéis nuashonraithe isteach maidir leis an staid sláinte ainmhithe agus na bearta a rinne sí i ndáil le 12 ráig den fhliú éanúil ardphataigineach in éanlaith chlóis i gcontaetha Cumbria (1), Durham (2), East Riding of Yorkshire (3), Norfolk (1), Yorkshire Thuaidh (3), agus Shropshire (1), Sasana agus i gcontae Daviot, Albain, ráigeanna a deimhníodh idir an 20 Eanáir 2025 agus an 29 Márta 2025 le hanailís saotharlainne (RT-PCR).

(13) Tar éis na ráigeanna sin den fhliú éanúil ardphataigineach, chuir Ceanada agus an Ríocht Aontaithe an Coimisiún ar an eolas go chuir siad beartas díothaithe chun feidhme chun leathadh an ghalair sin a rialú agus chun teorainn a chur leis, agus gur chuir siad na bearta glantacháin agus díghalraithe is gá i gcrích freisin tar éis an beartas díothaithe maidir leis na bunaíochtaí éanlaithe clóis ionfhabhtaithe a chur chun feidhme ar a gcríoch.

(14) Tá meastóireacht déanta ag an gCoimisiún ar an bhfaisnéis a chuir Ceanada agus an Ríocht Aontaithe faoina bhráid agus measann sé go bhfuil ráthaíochtaí iomchuí tugtha acu nach bagairt do shláinte ainmhithe ná do shláinte phoiblí laistigh den Aontas a thuilleadh í an staid sláinte ainmhithe ba chúis le teacht isteach coinsíneachtaí d'éanlaith chlóis agus de tháirgí geirmeacha ó éanlaith chlóis, agus d'fheoil úr ó éanlaith chlóis agus ó éin ghéim san Aontas a chur ar fionraí ó na criosanna atá buailte, mar a leagtar amach in Iarscríbhinní V agus XIV a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/404, agus, dá bhrí sin, maidir le teacht isteach na gcoinsíneachtaí sin san Aontas ó na criosanna atá buailte sa i gCeanada agus sa Ríocht Aontaithe óna raibh a dteacht isteach san Aontas curtha ar fionraí, ba cheart é a athúdarú. Dá bhrí sin, ba cheart na hiontrálacha a bhaineann leis na tríú tíortha sin sna táblaí a leagtar amach i Roinn B, Cuid 1 agus i gCuid 2 d'Iarscríbhinn V, agus sa tábla a leagtar amach i Roinn B, Cuid 1 d'Iarscríbhinn XIV a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/404 a leasú dá réir.

(15) Ina theannta sin, le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2025/641 ([4]) ón gCoimisiún leasaíodh Iarscríbhinní V agus XIV a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/404 trí theacht isteach san Aontas coinsíneachtaí d'éanlaith chlóis, de tháirgí geirmeacha ó éanlaith chlóis, agus d'fheoil úr ó éanlaith chlóis agus d'éin ghéim a chur ar fionraí ó 27 gcrios nua sna Stáit Aontaithe inar tharla ráigeanna den fhliú éanúil ardphataigineach: Braitheadh earráid san Iarscríbhinn a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2025/641, a mhéid a bhaineann le huimhriú ceann de na criosanna nua sin i gCuid 2 d'Iarscríbhinn V a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/404. De dhearmad, liostaítear crios US-2.967 sa tábla, seachas crios US-2.997. Dá thoradh sin, leasaíodh an tuairisc ar chrios US-2.967 atá ann cheana le faisnéis gheografach mhícheart, agus níl aon tuairisc ar fáil faoi láthair i gCuid 2 d'Iarscríbhinn V a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/404 le haghaidh chrios US-2.997. Dá bhrí sin, ba cheart Cuid 2 d'Iarscríbhinn V a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/404 a cheartú tríd an tuairisc bhunaidh a chur in ionad na tuairisce ar chrios US-2.967, agus tríd an tuairisc ar chrios US-2.997 a chur léi.

(16) Agus na ráigeanna nua den fhliú éanúil ardphataigineach atá ann i gCeanada á gcur san áireamh agus chun aon chur isteach neamhriachtanach ar thrádáil le Ceanada agus leis an Ríocht Aontaithe a sheachaint, ba cheart éifeacht a bheith leis na leasuithe atá le déanamh ar Iarscríbhinní V agus XIV a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/404 leis an Rialachán seo mar ábhar práinne.

(17) I gCuid 2 d'Iarscríbhinn V a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/404, ní sholáthraítear aon tuairisc ar an suíomh geografach beacht le haghaidh chrios US-2.997, ónar cuireadh ar fionraí le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2025/641 coinsíneachtaí d'éanlaith chlóis agus de tháirgí geirmeacha ó éanlaith chlóis, agus d'fheoil úr ó éanlaith chlóis agus ó éin ghéim san Aontas, agus cuireadh faisnéis mhícheart in ionad na tuairisce ar an suíomh geografach beacht le haghaidh chrios US-2.967 go hearráideach le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2025/641. D'fhéadfadh sé sin suaitheadh trádála a chruthú agus tá sé ag cur bac ar chur chun feidhme éifeachtach an Dlí maidir le Sláinte Ainmhithe a mhéid a bhaineann le réigiúnú an fhliú éanúil ardphataiginigh i dtríú tíortha. Dá bhrí sin, an ceartúchán a bhaineann le Cuid 2 d'Iarscríbhinn V a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/404 a mhéid a bhaineann le criosanna US-2.967 agus US-2.997, ba cheart feidhm a bheith aige ó dháta theacht i bhfeidhm Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2025/641.

(18) Tá na bearta dá bhforáiltear sa Rialachán seo i gcomhréir leis an tuairim ón mBuanchoiste um Plandaí, Ainmhithe, Bia agus Beatha,

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Leasuithe ar Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/404

Leasaítear Iarscríbhinní V agus XIV a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/404 i gcomhréir le Cuid I den Iarscríbhinn a ghabhann leis an Rialachán seo.

Airteagal 2

Ceartúchán ar Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/404

Ceartaítear Cuid 2 d'Iarscríbhinn V a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/404 i gcomhréir le Cuid II den Iarscríbhinn a ghabhann leis an Rialachán seo.

([4]) Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2025/641 ón gCoimisiún an 25 Márta 2025 lena leasaítear Iarscríbhinní V, XIV agus XV a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/404 a mhéid a bhaineann leis na hiontrálacha a bhaineann leis an mBoisnia agus an Heirseagaivéin,, le Ceanada, le Poblacht na Macadóine Thuaidh, leis an Ríocht Aontaithe agus leis na Stáit Aontaithe ar na liostaí de thríú tíortha, de chríocha nó de chriosanna de thríú tír nó de chríoch atá údaraithe maidir le coinsíneachtaí d'éanlaith chlóis agus de tháirgí geirmeacha ó éanlaith chlóis, agus d'fheoil úr ó éanlaith chlóis agus ó éin ghéim, agus de tháirgí feola ó éanlaith chlóis a theacht isteach san Aontas (IO L, 2025/641, 26.3.2025, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_impl/2025/641/oj).

Airteagal 3

Teacht i bhfeidhm agus cur i bhfeidhm

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh feidhm ag Airteagal 2, áfach, ón 27 Márta 2025.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 12 Bealtaine 2025.

Thar ceann an Choimisiúin
An tUachtarán
Ursula VON DER LEYEN

IARSCRÍBHINN

CUID I

Leasuithe ar Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/404

Leasaítear Iarscríbhinní V agus XIV a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/404 mar a leanas:

(1) leasaítear Iarscríbhinn V mar a leanas:

(a) i gCuid 1, leasaítear Roinn B mar a leanas:

(i) san iontráil a bhaineann le Ceanada, cuirtear an méid seo a leanas in ionad an ró le haghaidh chrios CA-2.259:

‘**CA** Ceanada	CA–2.259	BPP, BPR, DOC, DOR, SP, SR, POU-LT20, HEP, HER, HE-LT20	N, P1’		4.3.2025’	3.5.2025’

(ii) san iontráil a bhaineann le Ceanada, cuirtear isteach na rónna seo a leanas le haghaidh chriosanna CA-2.263, CA-2.264 agus CA-2.265 tar éis an ró le haghaidh chrios CA-2.262:

‘**CA** Ceanada	CA–2.263	BPP, BPR, DOC, DOR, SP, SR, POU-LT20, HEP, HER, HE-LT20	N, P1’		25.4.2025’	
	CA–2.264		N, P1’		2.5.2025’	
	CA–2.265		N, P1’		30.4.2025’	

(iii) san iontráil a bhaineann leis an Ríocht Aontaithe, cuirtear an méid seo a leanas in ionad an ró le haghaidh chrios GB-2.346:

‘**GB** An Ríocht Aontaithe	GB-2.346	BPP, BPR, DOC, DOR, SP, SR, POU-LT20, HEP, HER, HE-LT20	N, P1’		20.1.2025’	17.4.2025’

(iv) san iontráil a bhaineann leis an Ríocht Aontaithe, cuirtear an méid seo a leanas in ionad an ró le haghaidh chrios GB-2.351:

‘**GB** An Ríocht Aontaithe	GB-2.351	BPP, BPR, DOC, DOR, SP, SR, POU-LT20, HEP, HER, HE-LT20	N, P1’		27.1.2025’	6.5.2025’

(v) san iontráil a bhaineann leis an Ríocht Aontaithe, cuirtear an méid seo a leanas in ionad na rónna le haghaidh chriosanna GB-2.359 agus GB-2.360:

‘**GB** An Ríocht Aontaithe	GB-2.359	BPP, BPR, DOC, DOR, SP, SR, POU-LT20, HEP, HER, HE-LT20	N, P1’		18.2.2025’	2.5.2025’
	GB-2.360		N, P1’		18.2.2025’	2.5.2025’

(vi) san iontráil a bhaineann leis an Ríocht Aontaithe, cuirtear an méid seo a leanas in ionad na rónna le haghaidh chriosanna GB-2.365 agus GB-2.369:

‘**GB** An Ríocht Aontaithe	GB-2.365	BPP, BPR, DOC, DOR, SP, SR, POU-LT20, HEP, HER, HE-LT20	N, P1’		6.3.2025’	6.5.2025’
	GB-2.366		N, P1’		12.3.2025’	6.5.2025’
	GB-2.367		N, P1’		13.3.2025’	6.5.2025’
	GB-2.368		N, P1’		18.3.2025’	22.4.2025’
	GB-2.369		N, P1’		26.3.2025’	29.4.2025

(vii) san iontráil a bhaineann leis an Ríocht Aontaithe, cuirtear an méid seo a leanas in ionad na rónna le haghaidh na gcriosanna GB-2.371, GB-2.372 agus GB-2.373:

‘**GB** An Ríocht Aontaithe	GB-2.371	BPP, BPR, DOC, DOR, SP, SR, POU-LT20, HEP, HER, HE-LT20	N, P1’		28.3.2025’	1.5.2025’
	GB-2.372		N, P1’		28.3.2025’	29.4.2025’
	GB-2.373		N, P1’		29.3.2025’	2.5.2025’

(viii) san iontráil a bhaineann leis na Stáit Aontaithe, cuirtear isteach na rónna seo a leanas le haghaidh na gcriosanna US-2.1026 go US-2.1029 tar éis an ró le haghaidh an chreasa US-2.1025:

‘**US** Na Stáit Aontaithe	US–2.1026	BPP, BPR, DOC, DOR, SP, SR, POU-LT20, HEP, HER, HE-LT20	N, P1’		18.4.2025’	
	US–2.1027		N, P1’		24.4.2025’	
	US–2.1028		N, P1’		24.4.2025’	
	US–2.1029		N, P1’		30.4.2025’	

(b) leasaítear Cuid 2 mar a leanas:

(i) san iontráil a bhaineann le Ceanada, cuirtear isteach na tuairiscí seo a leanas ar chriosanna CA-2.263, CA-2.264 agus CA-2.265 tar éis an ró le haghaidh chrios CA-2.262:

‘Ceanada	CA-2.263	Saskatchewan – Latitude 50.53, Longitude -103.69 The municipalities involved are: 3km PZ: Dingley and Indian Head 10km SZ: Abernethy, Dingley, Indian Head, and Sintaluta
	CA-2.264	Manitoba – Latitude 49.98, Longitude -101.23 The municipalities involved are: 3km PZ: Elkhorn and Wallace-Woodworth 10km SZ: Fleming, Kirkella, Kola, Maryfield, Moosomin, Wallace-Woodworth
	CA-2.265	Saskatchewan – Latitude 52.09, Longitude -105.77 The municipalities involved are: 3km PZ: Colonsay, Meacham, Rutan, and Viscount 10km SZ: Colonsay, Meacham, Rutan, and Viscount’

(ii) san iontráil a bhaineann leis na Stáit Aontaithe, cuirtear isteach na tuairiscí seo a leanas ar chriosanna US-2.1026 go US-2.1029 tar éis na tuairisce ar chrios US-2.1025:

'United States	US-2.1026	State of New York Queens 17 Queens County: A circular zone of a 10 km radius starting with North point (GPS coordinates: 73.7803031°W 40.7857547°N)
	US-2.1027	State of New York Queens 18 Queens County: A circular zone of a 10 km radius starting with North point (GPS coordinates: 73.7654921°W 40.7913911°N)
	US-2.1028	State of North Dakota Stutsman 03 Stutsman County: A circular zone of a 10 km radius starting with North point (GPS coordinates: 99.1520210°W 46.9365097°N)
	US-2.1029	State of South Dakota Aurora 01 Aurora County: A circular zone of a 10 km radius starting with North point (GPS coordinates: 98.4338478°W 43.7986710°N)'

(2) in Iarscríbhinn XIV, i gCuid 1, leasaítear Roinn B mar a leanas:

(a) san iontráil a bhaineann le Ceanada, cuirtear an méid seo a leanas in ionad an ró le haghaidh chrios CA-2.259:

'**CA** Ceanada	CA–2.259	POU, RAT	N, P1'		4.3.2025'	3.5.2025'
		GBM	P1		4.3.2025'	3.5.2025'

(b) san iontráil a bhaineann le Ceanada, cuirtear isteach na rónna seo a leanas le haghaidh chriosanna CA-2.263, CA-2.264 agus CA-2.265 tar éis na rónna le haghaidh chrios CA-2.262:

'**CA** Ceanada	CA–2.263	POU, RAT	N, P1'		25.4.2025'	
		GBM	P1		25.4.2025'	
	CA–2.264	POU, RAT	N, P1'		2.5.2025'	
		GBM	P1		2.5.2025'	
	CA–2.265	POU, RAT	N, P1'		30.4.2025'	
		GBM	P1		30.4.2025'	

(c) san iontráil a bhaineann leis an Ríocht Aontaithe, cuirtear an méid seo a leanas in ionad an ró le haghaidh chrios GB-2.346:

'**GB** An Ríocht Aontaithe	GB-2.346	POU, RAT	N, P1'		20.1.2025'	17.4.2025'
		GBM	P1		20.1.2025'	17.4.2025'

(d) san iontráil a bhaineann leis an Ríocht Aontaithe, cuirtear an méid seo a leanas in ionad an ró le haghaidh chrios GB-2.351:

‘**GB** An Ríocht Aontaithe	GB-2.351	POU, RAT	N, P1’		27.1.2025’	6.5.2025’
		GBM	P1		27.1.2025’	6.5.2025’

(e) san iontráil a bhaineann leis an Ríocht Aontaithe, cuirtear an méid seo a leanas in ionad na rónna le haghaidh chriosanna GB-2.359 agus GB-2.360:

‘**GB** An Ríocht Aontaithe	GB-2.359	POU, RAT	N, P1’		18.2.2025’	2.5.2025’
		GBM	P1		18.2.2025’	2.5.2025’
	GB-2.360	POU, RAT	N, P1’		18.2.2025’	2.5.2025’
		GBM	P1		18.2.2025’	2.5.2025’

(f) san iontráil a bhaineann leis an Ríocht Aontaithe, cuirtear an méid seo a leanas in ionad na rónna le haghaidh chriosanna GB-2.365 agus GB-2.369:

‘**GB** An Ríocht Aontaithe	GB-2.365	POU, RAT	N, P1’		6.3.2025’	6.5.2025’
		GBM	P1		6.3.2025’	6.5.2025’
	GB-2.366	POU, RAT	N, P1’		12.3.2025’	6.5.2025’
		GBM	P1		12.3.2025’	6.5.2025’
	GB-2.367	POU, RAT	N, P1’		13.3.2025’	6.5.2025’
		GBM	P1		13.3.2025’	6.5.2025’
	GB-2.368	POU, RAT	N, P1’		18.3.2025’	22.4.2025’
		GBM	P1		18.3.2025’	22.4.2025’
	GB-2.369	POU, RAT	N, P1’		26.3.2025’	29.4.2025’
		GBM	P1		26.3.2025’	29.4.2025’

(g) san iontráil a bhaineann leis an Ríocht Aontaithe, cuirtear an méid seo a leanas in ionad na rónna le haghaidh na gcriosanna GB-2.371, GB-2.372 agus GB-2.373:

‘**GB** An Ríocht Aontaithe	GB-2.371	POU, RAT	N, P1’		28.3.2025’	1.5.2025’
		GBM	P1		28.3.2025’	1.5.2025’
	GB-2.372	POU, RAT	N, P1’		28.3.2025’	29.4.2025’
		GBM	P1		28.3.2025’	29.4.2025’
	GB-2.373	POU, RAT	N, P1’		29.3.2025’	2.5.2025’
		GBM	P1		29.3.2025’	2.5.2025’

(h) san iontráil a bhaineann leis na Stáit Aontaithe, cuirtear isteach na rónna seo a leanas le haghaidh chriosanna US-2.1026 go US-2.1029 tar éis na rónna le haghaidh chrios US-2.1025:

'**US** Na Stáit Aontaithe	US–2.1026	POU, RAT	N, P1'		18.4.2025'	
		GBM	P1		18.4.2025'	
	US–2.1027	POU, RAT	N, P1'		24.4.2025'	
		GBM	P1		24.4.2025'	
	US–2.1028	POU, RAT	N, P1'		24.4.2025'	
		GBM	P1		24.4.2025'	
	US–2.1029	POU, RAT	N, P1'		30.4.2025'	
		GBM	P1		30.4.2025'	

CUID II

Ceartúchán ar Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/404

In Iarscríbhinn V, Cuid 2, leasaítear an iontráil a bhaineann leis na Stát Aontaithe mar a leanas:

(1) cuirtear an tuairisc seo a leanas in ionad na tuairisce ar chrios US-2.967:

'Na Stáit Aontaithe	US-2.967	State of Missouri Lawrence 06 Lawrence County: A circular zone of a 10 km radius starting with North point (GPS coordinates: 93.8910972°W 37.1728422°N)'

(2) cuirtear isteach na tuairiscí seo a leanas ar chrios US-2.997 idir an tuairisc ar chrios US-2.996 agus US-2.998:

'Na Stáit Aontaithe	US-2.997	State of New York Queens 09 Queens County: A circular zone of a 10 km radius starting with North point (GPS coordinates: 73.7654921°W 40.7913911°N)'